An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

**Polasaí maidir le hIompar Míréasúnta**

| | |
|---|---|
| **Úinéir an pholasaí:** | Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, i gcomhar le Comhlíonadh agus Rialachas Corparáideach |
| **Ceannasaí an Rannáin:** | Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha |
| **An t-athbhreithniú is déanaí:** | 2023 (#3) |
| **Ceadú:** | Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, a cheadaigh. |
| **I bhfeidhm ón:** | 1 Lúnasa 2023 |
| **An chéad athbhreithniú eile an:** | 31 Iúil 2025 |

***Ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (SCP)***

Is é ról na heagraíochta seo ná foireann a earcú agus a roghnú do phoist sa tSeirbhís Phoiblí.

***Gealltanais na hEagraíochta Seo***

Iompraíonn formhór na ndaoine a dhéanann gearán don tSCP iad féin go suaimhneach réasúnta. Tuigimid gur féidir go mbeadh strus ag baint le gearán a dhéanamh in éadan comhlachta phoiblí, agus ó am go ham, go mbeadh an strus seo le feiceáil agus tú ag plé leis an oifig seo. Tá a fhios ag ár bhfoireann gur cuid dá gcuid oibre é an plé seo a bhainistiú agus caithfidh siad go múinte measúil le gach iarrthóir.

Mar sin féin, ní gá dár bhfoireann cur suas le hiompar maslach, gránna, nó bagrach. Chomh maith leis sin, ní mór dár bhfoireann seirbhís a chur ar fáil do gach iarrthóir agus, mar sin, níl orthu an iomarca ama nó acmhainní a chaitheamh ag déileáil le duine amháin má bhíonn an duine sin ag teacht i dteagmháil go rómhinic leo.  Tá próiseas ann sa pholasaí seo chun eolas faoi iompar den chineál seo a chur ar aghaidh chuig an bhfoireann ardbhainistíochta le hathbhreithniú a dhéanamh

air.  Ó am go ham, d'fhéadfá a rá go réasúnta go bhfuil iompar custaiméara tar éis éirí maslach, gránna, nó bagrach nó go bhfuil an iomarca acmhainní á gcaitheamh ag plé leis an iompar sin, agus sa chás sin tá dualgas cúraim orainn tacú lenár bhfoireann.

***Cén sórt iompair nach féidir glacadh leis?***

Ní féidir glacadh leis an sórt iompair seo a leanas:

- Dianseasmhacht mhíréasúnta
  An iomarca teagmhála le hAonad Earcaíochta maidir le próiseas earcaíochta. Má tá an tSCP tar éis iniúchadh a dhéanamh ar chinneadh/ghearán agus an cás a dhúnadh, is dianseasmhacht mhíréasúnta iad seo a leanas:
  -éileamh go ndéanfar Athbhreithneoir eile athscrúdú ar an gcinneadh/ar an ngearán.
  -leanúint le hargóint a raibh scrúdú déanta uirthi cheana féin
  -mionghnéithe an athbhreithnithe a cheistiú, nó iarratas a chur isteach ar ollmhéid ábhair sa bhreis a fháil lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise, lena chur in aghaidh a gcuid líomhaintí.
- Éilimh mhíréasúnta
  Mar shampla, réiteach neamhréalaíoch nó thar fóir ar fad a iarraidh, nó a rá leis an tSCP conas a chuid oibre a dhéanamh.
- Easpa mhíréasúnta chomhoibrithe.
  Ní mór duit do cheist/do ghearán a chur isteach ar bhealach eagraithe. Is féidir go mbeidh na rudaí seo a leanas san áireamh anseo:  gan an cheist/an gearán a shainmhíniú go soiléir, an iomarca faisnéise a chur isteach agus freagra tapa á iarraidh agat ag an am céanna, leanúint le breis faisnéise a chur isteach agus an t-athbhreithniú fós ar siúl.
- Argóintí míréasúnta
  Níl cead agat argóintí míréasúnta a dhéanamh.  Mar shampla:  Áibhéil a dhéanamh faoi cheist, úsáid a bhaint as argóintí míréasúnta nó argóintí nach mbaineann le hábhar, díriú ar mhionsonraí, éileamh a dhéanamh go nglactar le do leagan den scéal nuair nach bhfuil fianaise oibiachtúil chun tacú leis, diúltú smaoineamh ar leaganacha eile den scéal, úsáid a bhaint as teoiricí comhcheilge nach bhfuil bunús leo, an fonn díoltas a bhaint amach nó olc a bheith agat do dhuine eile nó do chomhlacht poiblí eile.

- Iompar míréasúnta
  Mar Shampla: foréigean a bhagairt, foireann na SCP nó Baill de Bhord Roghnúcháin a mhaslú, agus iompar drochbhéasach nó trodach.

***Cad a tharlóidh má iompraím mé féin mar seo?***

Más rud é go bhfuilimid den tuairim gur míréasúnta é do chuid iompair, inseoimid duit cén fáth agus iarrfaimid ort do chuid iompair a athrú. Más rud é gur úsáideach é, smaoineoimid ar ár seirbhís a athrú sa chaoi go gcabhróidh sé leat iompar míréasúnta a sheachaint as seo amach.

Má leanann an t-iompar míréasúnta ar aghaidh, cuirfimid teorainn ar an méid teagmhála ar féidir leat a dhéanamh lenár n-oifig. De ghnáth ní dhéanfar an cinneadh seo ach amháin tar éis do bhainisteoir sinsearach nó comhalta an Bhoird Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, agus tar éis dúinn plé go hiomlán le do bhunghearán nó le d'iarratas ar athbhreithniú, de réir an Chóid. Más rud é go gcuirfear aon srianta i bhfeidhm, beidh siad cuí agus ag teacht leis an gcineál iompair atá i gceist. Seo a leanas na roghanna is dóichí a smaoineoimid orthu:

- Iarraidh ort teagmháil a dhéanamh linn i litir amháin.
- Iarraidh ort teagmháil a dhéanamh le ball foirne ainmnithe amháin.
- Iarraidh ort glaoch orainn ar an bhfón ar laethanta ar leith agus ag amanna ar leith
- Teorainn a chur ar an rochtain atá agat ar an oifig
- Iarraidh ort comhaontú a dhéanamh mar gheall ar do chuid iompair as seo amach.
- Diúltú plé le gearán nó plé le hiarratas ar athbhreithniú
- Mar rogha deiridh, más rud é go bhfuil an cuma ar an scéal nach mbeidh deireadh ag teacht leis an iompar seo, is féidir stop iomlán a chur le teagmháil leat (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dhéanfaidh an cinneadh seo).

Scríobhfaimid chugat i gcónaí lena rá leat cén fáth a bhfuilimid den tuairim go bhfuil do chuid iompair míréasúnta agus na bearta atá molta againn. Más iompar an-mhíchuibheasach atá i gceist, agus má tá baol ann i dtaca le sábháilteacht agus leas fhoireann na SCP, nó dhaoine eile, is féidir linn roghanna eile a dhéanamh, lena n-áirítear na rudaí seo a leanas: gearán a dhéanamh leis an nGarda Síochána, nó tús a chur le caingean. Is féidir nach n-inseoimid leat roimh ré go bhfuilimid ag déanamh a leithéid.

Leanfaidh ár bhfoireann ar aghaidh caitheamh leat go measúil agus go cothrom, beag beann ar do chuid iompair, agus measfaidh siad do ghearán go cothrom.

Ceart achomhairc: Más rud é nach bhfuil custaiméir sásta leis an gcaoi ar chuir oifigeach éigin an polasaí maidir le hiompar míréasúnta i bhfeidhm, is féidir leo an cheist a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú faoi Alt 8 den Chód seo.